

5.1. Réamhrá

Baineadh leas as taighde príomhúil in ullmhú an phlean teanga seo. Cuirtear síos sa mhír seo ar an dtaighde san agus ar na príomhthorthaí a bhain leis agus ar na tátail a bhaineann leis maidir leis an bpleanáil teanga.

5.2. An taighde príomha

Ó thaobh an taighde phríomhúla de, socraíodh go mbainfí úsáid as taighde cainníochtúil agus taighde cáilíochtúil araon chun teacht ar phictiúr ionadaíoch de na gnéithe seo a leanas a bhfuil fíorthábhacht ag baint leo i bpróiseas na pleanála teanga mar atá:

- Dearcadh an phobail i leith na teanga;
- Cumas phobal an limistéir sa teanga;
- Nósmhaireacht an phobail maidir lena húsáid;
- Mianta an phobail ina leith;

Tugadh faoi shonraí a bhailiú chomh maith a bhain leis na tacaíochtaí teanga a bhí ar fáil don bpobal ó thaobh na teanga de.

Deintear cur síos anseo ar phríomhthorthaí an taighde chainníochtúil agus an taighde cháilíochtúil ar tugadh faoi in ullmhú an phlean seo.

5.3. An taighde cainníochtúil

5.3.1. Suirbhé agus agallamh le déagóirí (15 go 16 bliana d'aois) atá á dtógáil le Gaelainn atá ag freastal ar mheánscoil a fheidhmíonn trí mheán na Gaelainn

I mí na Nollag 2016, deineadh suirbhé i measc scoláirí Phobalscoil Chorca Dhuibhne faoina gcúlra teanga sa bhaile. Is í an scoil féin a dhein an suirbhé a dheardh agus a riaradh. Deineadh dhá shuirbhé, ceann amháin i measc scoláirí bhlianta 1-3, (**Suirbhé A** - 113 dalta ar fad) agus ceann eile i measc bhlianta 4-6 (idirbhliain agus an tsraith shinsearach), (**Suirbhé B** - 130 dalta ar fad). Is díol suntais iad cuid de na torthaí a tháinig chun solais sa suirbhé sin. Deintear tagairt anseo do shuirbhé bhlianta 4-6 mar shampla de threocht na bhfreagraí ar léiriú iad ar úsáid na teanga agus ar dhearcadh ina leith. Ní mór a chur san áireamh go bhfreastalaíonn an mheánscoil seo ar scoláirí Gaeltachta agus scoláirí uile an Daingin agus an cheantair mháguaird.

I suirbhé B (daltaí na hidirbhliana agus na sraithe sinsearaí) thuairiscigh 7.69% acu go labhrann siad Gaelainn ag baile agus dhearbhaigh 12.31% go n-úsáideann siad minic go leor í. I suirbhé A thuairiscigh 5.31% acu go labhrann siad Gaelainn lena gcomhdhaltaí ranga i gcónaí agus dúirt 15.93% acu go labhrann siad go minic í.

Bhí titim shuntasach sna figiúirí sin i mblianta 3-6 áfach. Anseo, níor thuairiscigh ach beirt as 130 nó 1.55% go n-úsáideann siad an teanga i gcónaí le daltaí eile sa rang agus tá 8.53% a úsáideann go minic í. Dúirt 32.56% acu anseo nach n-úsáideann siad an teanga riamh lena gcomhdhaltaí ranga. Tugtar faoi deara anseo go bhfuil líon na ndaltaí sna ranganna sinsearacha a úsáideann an teanga i gcónaí nó go minic lena gcomhdhaltaí i dtimpeallacht an ranga an-íseal. Bheifí ag súil go mbeadh sé seo níos airde toisc iad bheith i dtimpeallacht

tumoideachais sa rang.

Maidir le húsáid na teanga lena gcairde, iarradh orthu breithmheas a thabhairt ar na cúiseanna a labhrann siad Gaelainn lena gcairde.

Labhrann siad an teanga lena chéile i gcás go gcuireann siad san áireamh gur cainteoirí dúchais eile atá ann. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara anseo go labhrann siad an teanga lena gcairde nuair a bhíonn a fhios acu gur daoine iad ar mhaith leo bheith ag caint as Gaelainn. Tá sé suntasach gur dhearbhaigh a bhformhór mór acu go labhróidís Gaelainn lena chéile dá mbeadh na héinne eile á labhairt; 78.57% i gcás blianta 1-3 agus 78.91% i gcás blianta 3-6. Is léiriú é seo, d'fhéadfaí a áiteamh ar an bpiarbhrú a bhaineann le labhairt na Gaelainne i measc déagóirí. Ní theastaíonn uathu go minic seasamh amach nó bheith difriúil ón slua.

Mheas 81.25% de mhuintir bhlianta 4 – 6 go bhfuil sé ina bhuntáiste dóibh Gaelainn líofa a bheith acu nuair a d'fhágfaidís an scoil agus 74.11% i mblianta 1 - 3, rud a léiríonn meon dearfach i leith na teanga. I measc na rudaí a spreagfadh iad chun níos mó Gaelainne a labhairt, fuarthas amach ó thorthaí an dá shuirbhé go raibh riail na Gaelainne a bheith á cur i bhfeidhm sa scoil mar aon le dearfach na ndaltaí eile i leith na teanga. Léiríonn sé seo go bhfuil polasaí teanga ag teastáil. Teastaíonn ó na daltaí féin go mbeadh riail na Gaelainne á cur i bhfeidhm. Seo pointe criticiúil don bpleanáil teanga. Tá dearcadh na ndaltaí seo an-dearfach ach teastaíonn uathu an teanga a labhairt ach ní bhraitheann siad ag an am céanna nach bhfuil an teanga á normailiú sa scoil. Tá sé an-tábhachtach gur thugadar le fios gur chabhair mhór í chomh maith dá mbeadh a gcuid Gaelainne féin níos fearr. Tá impleachtaí aige seo don bpleanáil teanga.

Bhí léiriú inspéise i dtorthaí an tsuirbhé sin ar dhearcthaí scoláirí i leith thábhacht úsáid agus thairbhe na teanga. Toisc gur chuimsigh an suirbhé seo scoláirí Gaeltachta a labhrann agus nach labhrann Gaelainn ag baile, cinneadh grúpa fócais a réachtáil sa scoil le dhá ghrúpa dhifriúla bunaithe ar a gcúlra teanga:

5.3.2. Grúpaí Fócais

Reáchtáladh dhá ghrúpa fócais le linn gnáthlá scoile ag deireadh mhí Eanáir 2017 le:

- 1) Scoláirí (15 go 16 bliana d'aois) atá á dtógáil le Gaelainn;
- 2) Scoláirí (15 go 16 bliana d'aois) atá á dtógáil le Béarla.

Mhair an grúpa fócais 19-21 nóiméad. Bhí cúigear i ngach grúpa ón gcúigiú bliain. Shínigh na rannpháirtithe foirm eitice roimh ré, a dhearbhaigh gur do chríche taighde amháin an t-agallamh agus go rabhadar sásta páirt a ghlacadh ann ar choinníoll nach n-ainmneofaí iad ná a muintir ná aon duine ná aon áit a luafaí le linn an agallaimh sa tuarascáil ar an dtaighde. Féachtar ar dtús ar na príomhthorthaí a tháinig chun cinn le linn an ghrúpa fócais le scoláirí ó theaghlaigh a tógadh le Gaelainn.

Triúr cailíní agus beirt bhuachaillí a bhí ann. Tugadh leideanna nó spreagthaigh dóibh chun a gcuid tuairimí a mhealladh uathu i dtaobh na dtéamaí seo:

- A gcúlra teanga féin
- An bhrí phearsanta a bhaineann siad as an téarma 'An Ghaeltacht'
- An teanga a labhrann siad le cairde ar scoil agus lasmuigh di

- An áit/ról ag an nGaelainn ina saol, dá réir féin, i gceann deich mbliana eile
- Cad a spreagann iad le Gaelainn nó le Béarla a úsáid le daoine eile?

Gaelainn ab ea a gcúlra teanga go léir agus Gaelainn a labhrann siad ag baile. Is Béarla a labhrann siad lena gcairde den gcuid is mó ach amháin go labhrann siad Gaelainn lena gcol ceathracha nó lena ndeirfiúracha nó lena ndeartháireacha. Labhrann siad Gaelainn chomh maith lena gcomhscoláirí a bhíonn páirteach in imeachtaí Gaelainne:

“I rudaí Gaelainne acu ar scoil (:) daoine a bhíonn ar fhoireann díospóireachta nó rudaí eile Gaelainne”.

D’fhreagair duine acu:

“Béarla den chuid is mó le mo chairde agus Gaelainn le mo chlann”

Maidir leis an bhfianaise seo go labhrann siad Béarla den gcuid is mó lena gcairde, ní mór a mheabhrú gur seo an chéad ghlúin eile a bheidh ag maireachtaint le chéile mar phobal agus is é an Béarla is nadúrtha agus is compordaí acu.

Cuireadh an cheist ansan orthu; má bhíonn a fhios acu go bhfuil Gaelainn ag cara cad ‘na thaobh go labhróidís Béarla leis nó léi. **Ba é an freagra a tugadh anseo ná nach mbeadh formhór “compordach lena gcuid Gaelainne” agus ar an gcúis sin iompaítear ar Bhéarla. Níor theastaigh uathu cairde a chur faoi bhrú.** Is toradh tábhachtach é seo. Maítear anseo, murab ionann agus Gaelainn, go bhfuil siad cumasach agus compordach a ndóthain sa Bhéarla agus iad i gcomhluadar a gcairde. B’fhéidir nach mbeadh ar a gcumas an rud a theastódh uathu a rá a chur i nGaelainn. “Ní choimeádfaidís suas le Gaeilge agus labhraím Béarla leo mar go mbeadh sé i bhfad níos compordaí.” **Is ionann míchompord anseo agus easpa inniúlachta ar ghnáthchaint laethúil na cumarsáide ar ghnáthluas.** Cuirtear an easpa inniúlachta i leith an chainteora Béarla seachas ina leith féin. Ach é sin ráite, ní raibh aon fhianaise ar aon easpa inniúlachta teanga labhartha i measc na rannpháirtithe le linn an ghrúpa fócais. Bhíodar go léir siúrálte go mbeadh ról ag an nGaelainn ina saol i gceann deich mbliana eile. Labhróidh siad Gaelainn lena muintir i gcónaí. Dúirt duine amháin, mar shampla:

“Chím go mbeadh sé tábhachtach i gcónaí i mo shaol, ach d’fhéadfadh sé sin athrú.”

Dúirt duine eile acu: “Braitheann sé ar cá mbeidh mé ag maireachtaint.”

Cé gur thugadar le fios go mbeadh an Ghaelainn lárnach na saol, bhí amhras áirithe faoin áit ina socróidís síos mar go raibh sé sin ag brath ar chúinsí eile mar phost agus cá mbeidís lonnaithe. Ní raibh cinnteacht go bhfanfaidís sa Ghaeltacht ach bhíodar go léir deimhin de gur Ghaelainn a bheidh á labhairt acu le baill a dteaghlach ar feadh a saoil. Arís is pointe fíorthábhachtach é seo a thugann dúshlán na pleanála teanga agus na forbartha pobail de. Ní mór an cheist a chur: cad táthar ag déanamh chun na daoine óga seo a choimeád sa phobal? Ní mór mar sin an phleanáil ghéilleagrach a dhéanamh chun go mbeadh an ghlúin óg seo a choimeád ag baile chun go lonnóidís ann.

Chiallaigh Gaeltacht dóibh:

An fhoghlaim trí Ghaelainn ar scoil. Bhí baint nach beag ag an teanga le cúrsaí scoile. Bhíothas ag tagairt don Ghaelainn go minic laistigh den gcomhthéacs scoile: ábhair, ranganna, riail na Gaelainne agus imeachtaí scoile.

Níl easpa cainteoirí ann dar le duine amháin: “Tá fuilleach daoine má théann tú siar gur féidir Gaelainn a labhairt leo.”

Cé go bhfuilid dóchasach, chuirfeadh sé brón orthu dá dtiocfadh deireadh leis an nGaeltacht. Tá an toradh seo ag teacht go hiomlán le toradh gach suirbhé Gaeltachta a deineadh le daichead go caoga bliain anuas .i. an dearcadh fiordhearfach i leith na teanga. Bheadh díomá orthu dá stopfadh daoine ag teacht chun na Gaeltachta chun Gaelainn a fhoghlaim cé nach mbíonn mórán bainte acu leis na scoláirí a thagann sa samhradh agus níl aon taithí acu ar bheith ag plé leo ná ag caint leo.

Luadar an club óige a bhí thiar i gCeann Trá do dhaoine sa “chéad agus a dara bliain” ach seachas sin, **níl aon infreastruchtúr acu le haghaidh sóisialaithe a chabhródh leo an teanga a úsáid go nádúrtha lena chéile lasmuigh den scoil.** Is áis luachmhar é Aisteoirí Bhréanainn mar go dtugann sé deis thábhachtach dóibh bheith ag déanamh rudaí le chéile as Gaelainn. Ach ní bhíonn gach déagóir Gaeltachta páirteach ann.

Mar an gcéanna le traenáil caide, dar le duine acu, mar go mbíonn an traenálaí ag caint as Gaelainn. Ach arís, dúradh: “labhrófá Gaelainn leis an duine sin ach cosúil le bheith ar scoil, (:::), labhrófá le do chairde as Béarla”. Tá léiriú criticiúil sa toradh seo ar phríomhról an Bhéarla i saol na ndaoine óga seo. Is é Béarla teanga an chomhchaidrimh don aoisghrúpa seo. Le linn imeachtaí scoile d’fhéadfadh sé tarlú go labhróidís as Gaelainn mar a tharla nuair a bhíodar ag taisteal sa bhus go dtí díospóireachtaí Gaelainne.

Féachtar anois ar thorthaí shonraí an ghrúpa fócais le scoláirí ó theaghlaigh Bhéarla sa Gaeltacht.

Anseo arís bhí cúigear sa ghrúpa agus mhair an grúpa fócais seo thart ar fiche nóiméad. Ba as Béarla a reáchtáladh an grúpa fócais seo agus iompaíodh ar an nGaelainn de réir a chéile. Bhí baill an ghrúpa seo líofa sa Ghaelainn chomh maith.

Béarla a labhartar sa bhaile den gcuid is mó. Tá post páirtaimseartha ag duine acu agus bíonn gá le Gaelainn a labhairt le daoine ón nGaeltacht a mbítear ag plé leo. Labhartar Gaelainn nuair a bhíonn siad thar lear ar laethanta saoire i dtreo is nach gceapfaí gur Sasanaigh nó Meiriceánaigh iad. D’fhreastail an chuid is mó acu ar bhunscoil lán-Ghaelainne; mar sin, ní dúshlán mór a bhí ann dóibh teacht ar mheánscoil lán-Ghaelainne. Dheineadar tagairt do na deacrachtaí a bhíonn ag scoláirí áirithe nach mbíonn cúlra na bunscolaíochta trí Ghaelainn acu ach, ina dtuairim siúd cabhraíonn cúrsa an Droichid go mór leo.

Úsáideann siad téacsleabhair Bhéarla uaireanta mar nach bhfuil na cinn Ghaelainne inléite dar leo. Deineann siad aistriú mar sin ar na cinn Bhéarla go Gaelainn agus tugann na múinteoirí nótaí as Gaelainn. Tá dúshlán ag baint le hábhair eolaíochta ach go háirithe mar go bhfuil an téarmaíocht teicniúil go leor. Tá ábhair mar Spáinnis dúshlánach uaireanta mar go mbíonn orthu éisteacht le Spáinnis, é a aistriú go Béarla (seo an teanga a smaoiníonn siad inti) agus é a aistriú ansin go Gaelainn. Tá siad buartha go mbeidh orthu iompú go hiomlán ar Bhéarla ar pé cúrsa a roghnóidh siad ag an tríú leibhéal agus nach mbeidh an foclóir acu

chun an cúrsa a leanúint. Ach is buntáiste acu é, dar leo, go bhfuil cuid de na téacsleabhair as Béarla dá bharr. Leantar téacsleabhair Ghaelainne sa Mhatamaitic agus san Fhisic. Ní labhrann siad riamh Gaelainn lena chéile ná lena gcairde le linn an lá scoile nó lasmuigh den scoil seachas an focal fánach. Ní smaioineadh éinne ar labhairt as Gaelainn le linn lóin dá rachaidís suas faoin mbaile, mar shampla. **“Irish is a school thing” mar a luaigh duine acu. An chúis atá leis seo ná nach mbraithfidís ar a gcompord le Gaelainn lasmuigh den rang Ghaelainne.** Aithníonn siad áfach go bhfuil Gaelainn mhaith acu agus stór leathan focal ó bheith ag gabháil do na hábhair ar fad trí Ghaelainn. Ach ba mhaith leo mar sin féin an Ghaelainn a úsáid le linn a saoil agus í a úsáid lena gcuid leanaí féin amach anseo. Nuair a ceistíodh iad faoin rogha seo a dhéanfaidís a gcuid leanaí a thógáil le Gaelainn, dúradar gur buntáiste mór é ag leanaí Gaelainn bheith acu. Arís ar aon dul le na daltaí atá á dtógaint le Gaelainn, samhlaíonn siad go mbeidh siad ina gcainteoirí Ghaelainne “amach anseo”. Is í íoróin an scéil áfach nach bhfuil siad ag úsáid na teanga anois.

Cuireadh ceist orthu an bhféadfaí cabhrú le daoine óga in aon tslí chun an teanga a labhairt lasmuigh den scoil. D’aithin siad gur rud an-deacair a bhí ansin agus ní raibh aon tuairim láidir acu ina thaobh: “Everyone thinks it’s just a school thing and....you don’t want to use it outside school”. Seo tuairim an-shuimiúil ó ghrúpa scoláirí a bhfuil Gaelainn mhaith acu. Tá roinnt caithimh aimsire, caid, badmantan, agus rugbaí as Gaelainn ar fáil dóibh.

Comhaontaíonn an Ghaeltacht daoine “It brings people together”. **Tuigeann siad go bhfuil cath tréan le troid chun an Ghaeltacht a thabhairt slán.** Dúirt duine acu “Twelve or twenty years ago Abhann na Scál used be a Gaeltacht (seo braistint an fhaisnéiseora), look at it now; it’s getting smaller and smaller”.

Tuigeann siad chomh maith go bhfuil baint ag tréigean na háite lena leithéid.:

“You see eighteen years olds, they finish their Leaving Cert like and they’re off to college to Dublin or Cork, Limerick or Galway or whatever, they (:) get a job in the big city and then (:) eventually the population goes down.

Chabhródh sé leo breis Ghaelainne a labhairt lasmuigh den scoil dá mbeadh an Ghaelainn le clos níos forleithne agus dá mbeadh sí níos feiceálaí sa timpeallacht. Tá gá le breis cláracha ar an raidió agus ar an dteilifís don aoisghrúpa seo.

Tá impleachtaí ag cuid de na tuairimí agus ag na smaointe a bhíonn ag na scoláirí seo don bpleanáil teanga agus pléifear iad sin ag deireadh na mire seo.

5.3.3.Suirbhé pobail ar líne maidir le húsáid na Ghaelainne agus dearcthaí ina leith

Mar a míníodh cheana i Mír 4 (4.5.1) cuireadh suirbhé ar fáil don bpobal a bhí bunaithe cuid mhaith ar cheistanna an SCT (2007) i dtreo thréimhse dheiridh an ullmhúcháin .i. Eanáir 2017. Cé go raibh sonraí i dtaobh chainteoirí Ghaelainne sa LPT ar fáil cheana féin sa SCT (2007), Torthaí an Daonáirimh (2011) agus go háirithe sa Nuashonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíochta (2015), measadh mar sin féin go raibh gá leis na sonraí sin a thabhairt suas chun dáta. Úsáideadh an meán sóisialta *Facebook* agus suíomh idirlín Tobar Duibhne (feic Mír 8) chun an suirbhé sin a scaipeadh ar an bpobal. Cuireadh leagan Béarla agus leagan Ghaelainne den suirbhé ar fáil ar líne agus bhí rochtain ag an bpobal air ar feadh trí seachtaine. Cuireadh fógra faoi in iris fógraíochta *Corca Dhuibhne Beo* le linn mhí Eanáir chun eolas faoin gceistneoir a scaipeadh agus chun faisnéiseoirí a mhealladh lena líonadh.

Ar deireadh, líon níos ná ceithre chéad faisnéiseoir é.

Tá cur síos achomair anseo ar na príomhthorthaí a tháinig chun solais.

5.3.3.1. Eolas faoi chúlra na bhfaisnéiseoirí

Mar a dúradh, líon 432 faisnéiseoir an ceistneoir: Líon 208 (48%) faisnéiseoir as Gaelainn é agus 224 (52%) duine as Béarla é. Bhí freagra ar na haon cheist i gcás 68.26% (142) na bhfaisnéiseoirí a líon as Gaelainn é agus bhí freagra ar na haon cheist 50% (112) acu siúd a líon as Béarla é. Ba dhíol suntais nár thuairiscigh ach 52% d'fhaisnéiseoirí, beagnach a leath ar fad acu, go raibh a fhios acu go raibh plean teanga á ullmhu sa LPT. Bhí an céatadán seo i bhfad níos airde (67%) áfach i measc na bhfaisnéiseoirí a dhearbhaigh go raibh Gaelainn líofa acu. Is i measc na gcainteoirí líofa seo, (cainteoirí dúchais san áireamh is dócha) is mó atá an cur amach ar an bplean teanga.

Cuireann Tábla 5.1. síos ar phróifíl aoise na bhfaisnéiseoirí:

Aoisghrúpa	Líon na bhFaisnéiseoirí	Céatadán
17-25	42	9.66%
26-40	133	30.57%
41-55	150	34.48%
56-67	87	20.00%
67+	23	5.29%

Tábla 5.1. Próifíl na bhfaisnéiseoirí

Is léir gur daoine fásta den gcuid is mó a líon an suirbhé seo; a bhformhór acu (65.95%) idir 25 agus 55 bliana, rud a chiallaíonn leis an gcóhórt aoise sin ach go háirithe gur beag tionchar a bheadh ag úsáid na teanga sa chóras oideachais mar athróg ar na torthaí. Mná den gcuid is mó a líon an suirbhé; fuarthas ceistneoirí comhlánaithe - 39.58% ó fhir agus 60.42% ó mhná.

5.3.3.2. Úsáid agus cumas teanga

Chuir 9.5% d'fhaisnéiseoirí in iúl gur Gaelainn amháin a bhíonn á labhairt sa bhaile acu. Thuairiscigh 17.2% go mbíonn níos mó Gaelainne ná Béarla in úsáid acu agus dúirt beagnach a leath díobh (48.1%) go n-úsáideann siad níos mó Béarla ná Gaelainn. Bhí Béarla amháin á labhairt ag 23.3% d'fhaisnéiseoirí. Fágann sin go bhfuil thart ar deich faoin gcéad de dhaoine a labhrann Gaelainn amháin sa bhaile agus is toradh tábhachtach é seo i gcás na pleanála teanga. Anuas air sin tá fianaise anseo chomh maith go bhfuil, ar an iomlán, an Ghaeilinn á húsáid go minic nó go han-mhinic sa bhaile ag níos mó ná a cheathrú (26.7%) de dhaoine a líon an suirbhé. Arís, is fíric inspéise í seo i gcomhthéacs plean teanga a ullmhú mar léiríonn sé go bhfuiltear ag díriú ar thart ar cheathrú den daonra a bhfuil Gaelainn amháin nó níos mó Gaelainne ná Béarla acu.

Ó thaobh cumais teanga de, bhí céatadán suntasach ard (45.37%) d'fhaisnéiseoirí (194 as an 428 a d'fhreagair an cheist) a chuir in iúl go rabhadar líofa nó ina gcainteoirí dúchais, céatadán atá ag teacht leis an líon faisnéiseoirí a líon an suirbhé as Gaelainn agus a chuir in iúl go raibh a fhios acu faoin bplean teanga. Ba chainteoirí maithe iad 96 as 428 (22.42%) a

d'fhreagair an cheist agus chuir 21.96% (94 as 428) in iúl go dtuigeann siad codanna de chomhráite. Ní raibh ach 5.67% nach dtuigeann ach cúpla abairt agus 3.27% nach bhfuil acu ach an focal fánach. Ní raibh ach seisear nó 1.40% i gceist nach raibh aon Ghaeilinn in aon chor acu.

Dhearbhaigh 74.02% d'fhaisnéiseoirí, nó 302 as 408 a líon an suirbhé, gur mhaith leo feabhas a chur ar a gcuid Gaelainne. Is cruthú é seo ar an ndearcadh dearfach a bhí ag a bhformhór acu i leith na teanga. Bhí líon i bhfad níos lú, 13.48%, nó 55 as an 408, a chuir in iúl nach dteastaíonn a leithéid uathu. Ar an gcéad léamh d'fhéadfaí a áiteamh nach bhfuil an toradh comhsheasmhach leis an gceann a chuaigh roimhe .i. an céatadán ard 45.37% a chuir in iúl gur cainteoirí dúchais /líofa a bhí iontu. Nuair a bhíonn feabhsú teanga i gceist áfach, bíonn claonadh i bhféintuairisciú ar chumas teanga go minic, fiú i gcás cainteoirí líofa, béim a chur ar an ngá le breis cruinnis agus saibhris. Ní gá gur léiriú ar easpa cumais atá sa toradh seo, mar sin.

5.3.2.3. Béarla á labhairt le cainteoirí Gaelainne eile

Ceistíodh faisnéiseoirí faoi cé chomh minic is a labharfaidís Béarla le duine a mbeadh a fhios acu go raibh Gaelainn ar a thoil aige/aici. D'fhreagair 383 (88.65%) faisnéiseoir an cheist seo. Glactar leis gur cainteoirí líofa a bhíonn i gceist anseo. Labhrann líon an-ard acu (50.81%) Béarla le cainteoirí Gaelainne eile go laethúil nó go minic.

Go minic	35.76%
Ní chomh minic sin	15.05%
Riamh	7.29%
Níl aon aithne agam ar éinne i measc na ndaoine a mheasaim leo	0.7%

Tábla 5.2. Céatadán a labhrann Béarla le cainteoirí Gaelainne

Nuair a fiafraíodh díobh i dtaobh na gcúiseanna go labhróidís Béarla le duine a mbeadh a fhios acu go raibh Gaelainn aige/aici tugadh na freagraí seo a leanas (feic Tábla 5.2):

Chuireamar aithne ar a chéile i mBéarla	21.14%
Níl muinín ag an duine eile Gaelainn a labhairt liom	12.01%
Níl muinín agam Gaelainn a labhairt leis/léi	34.20%
Is nós anois é	24.28%

Tábla 5.3. Céatadán agus cúiseanna a labhartar Béarla le cainteoirí Gaelainne

I gcás gur cainteoirí líofa Gaelainne a d'fhreagair seo, d'fhéadfadh, gur saghas traidisiún agus gnáth-nósmhaireacht fhadbhunaithe atá i gceist san iompú seo ar Bhéarla i measc cainteoirí líofa. Baineann sé le ceist féinmhuiníne chomh maith. Bhí an cheist féinmhuiníne níos láidre i gcás na bhfreagróirí Béarla. **Éilíonn an toradh seo feachtas feasachta le dul i bhfeidhm ar na cainteoirí chun an nósmhaireacht seo a bhriseadh agus a athrú i dtreo na Gaelainne. Tuigtear áfach nach n-athraíonn an fheasacht teanga féin mórán go minic ó thaobh patrúin úsáide teanga de. Ní gan dua a bhainfear a leithéid amach.** Ní leor an fheasacht inti féin. Caithfear “gá” a chothú d'úsáid na Gaelainne anuas ar an bhfeasacht agus sa bhreis uirthi. Tá sé fíordheacair iompar teanga a athrú nuair a bhíonn sé fadhbunaithe. Tugann sé seo le fios, b'fhéidir go gcaithfear tosú leis an gcéad ghlúin eile chun an nósmhaireacht sin a

chothú. É sin ráite, tá fianaise ann sa taighde seo áfach, go bhfuil nósmaireacht an Bhéarla tar éis dul i gcion go mór cheana féin ar an nglúin óg. Tá gá chomh maith le feasacht ar leithligh a mhúscailt i measc daoine nach bhfuil dóthain misnigh acu an teanga a labhairt le daoine eile. Is dúshlán an-chasta é seo a bhfuil cúinsí pearsantachta, timpeallachta agus síceolaíochta laistiar de chomh maith le hinniúlachtaí teanga.

5.3 3.4. Minicíocht úsáide sna réimsí éagsúla

Ceistíodh na faisnéiseoirí i gceist a naoi an tsuirbhé i dtaobh cé chomh minic is a úsáideann siad an teanga sna réimsí seo leanas: ag baile, sa chóras oideachais, ar an láthair oibre, sa chomharsanacht, le cairde, sna siopaí agus i ngnóthaí, ag plé le seirbhísí, ag plé le seirbhísí sláinte agus ag plé le seirbhísí stáit. Úsáideadh scála Likert (cúig scála) anseo chun rogha na bhfaisnéiseoirí a chur in iúl ó thaobh minicíochta de: i gcónaí, go han-mhínic, anois is arís agus go hannamh. Deineadh “riamh” a chumasc le “go hannamh” in anailísiú na dtorthaí. Feictear na torthaí ar iomlán freagraí na bhfaisnéiseoirí i dTábla 5.3 anseo:

Cé chomh minic is a labhraíonn tú Gaeilge sna háiteanna seo?		I gcónaí		go minic		Anois is arís		Go hannamh		Riamh Kiamn a chumascadh le "go hannamh"	%
Sa bhaile	207	60		85		49		13			
	214	14	17.58%	45	30.88%	70	28.27%	85	23.28%		100.00%
Sa chóras oideachais	175	85		39		27		24			0
	183	32	32.88%	38	20.95%	37	17.88%	78	28.48%		100.00%
Ar an láthair oibre	187	61		58		39		29			0
	204	21	20.97%	30	22.51%	57	24.55%	96	31.97%		100.00%
Sa chomharsanacht	203	34		85		60		24			0
	207	11	10.98%	33	28.78%	77	33.41%	88	28.83%		100.00%
Le cairde	206	24		81		72		29			0
	210	8	7.21%	27	25.98%	83	37.28%	94	29.57%		100.00%
Sna siopaí/lag gn	208	13		64		90		39			0
	212	4	4.07%	27	21.77%	87	42.34%	94	31.82%		100.00%
Go sóisialta	204	10		75		84		35			0
	211	5	3.81%	29	25.08%	74	38.07%	103	33.25%		100.00%
Seirbhísí áitiúla	208	11		69		71		55			0
	208	9	4.83%	21	21.74%	66	32.85%	113	40.58%		100.00%
Seirbhísí sláinte	208	5		32		66		113			0
	207	4	2.18%	7	0.44%	23	10.13%	173	89.25%		100.00%
Ag plé le seirbhísí	208	5		33		66		113			0
	207	4	2.18%	4	8.98%	16	18.95%	184	71.91%		100.00%

Tábla 5.4 Minicíocht úsáide sna réimsí difriúla

Anseo bhí léiriú ar chéatadán níos airde maidir le húsáid na teanga i gcónaí sa bhaile (17.58%) ná an 9.5% a thug ceist a ceathair chun solais (Cén teanga atá in úsáid go laethúil agat sa bhaile?) Tá léiriú anseo chomh maith ar líon ard faisnéiseoirí (51.55%) nach n-úsáideann an teanga ach go hannamh nó anois is arís. Úsáideann 43.48% díobh an teanga i gcónaí nó go minic (dá réir féin) sa láthair oibre. Tá an céatadán seo i bhfad níos ísle nuair a thagann sé chomh fada le síormhínicíocht úsáid na teanga sa chomharsanacht nó le cairde. Dhearbhaigh 10.98% go n-úsáideann siad an teanga i gcónaí sa chomharsanacht agus dhearbhaigh níos lú acu arís (7.21%) go n-úsáideann siad an teanga le cairde agus níos lú arís fós (3.61%) agus iad ag sóisialú. Má fhéachtar ar cholún an scála “go minic” tá pictiúr níos dearfaí le feiceáil agus minicíocht áirithe le tabhairt faoi deara. Úsáidtear an dteanga go minic 28.78% sa chomharsanacht agus 25.96% le cairde agus 25.06% go sóisialta. Cé nach n-úsáideann ach 4.07% agus 4.83% an teanga i gcónaí i siopaí agus ag plé le seirbhísí áitiúla 3.61% agus 4.83% faoi seach, bíonn céatadán níos airde i gceist maidir le húsáid mhínic: 21.77% agus 21.74% faoi seach.

Tagann pictiúr chun solais faoi mhórmhínicíocht úsáide Béarla maidir le teanga na siopadóireachta agus an ghnó agus teanga an phlé le seirbhísí áitiúla agus sláinte. Nuair a thagann sé go cúrsaí gnó, agus go háirithe go cúrsaí plé le seirbhísí sláinte agus seirbhísí stáit tagann méadú suntasach ar chéatadáin na bhfaisnéiseoirí a chuireann in iúl nach n-úsáideann an teanga riamh nó go hannamh sna réimsí seo. Chuir 69.25% in iúl nach n-úsáideann siad Gaelainn riamh nó go hannamh ag plé le seirbhísí sláinte agus 71.91% agus iad ag plé le seirbhísí stáit. Léiríonn na céatadáin seo fíric thábhachtach eile i gcás na pleanála teanga .i. laghad úsáide na Gaelainne sna réimsí sin de bharr easpa timpeallachta agus easpa seirbhísí Gaelainne iontu. Is fiú na céatadáin anseo a bhaineann le húsáid na teanga a thabhairt faoi deara. Ní úsáideann 26.83% d'fhaisnéiseoirí an teanga riamh nó go hannamh le cairde agus tá líon níos airde 33.25% nach n-úsáideann riamh go sóisialta í.

5.3.3.5. Dearcadh i leith na Gaelainne agus úsáid na Gaelainne

Iarradh ar fhaisnéiseoirí i gceist a deich a gcuid tuairimí a nochtadh maidir le ráitis áirithe a bhain leis an nGaelainn féin, le hinmharthanacht na Gaeltachta agus a gcuid tiomantais féin don teanga agus do phróiseas na pleanála. Úsáideadh scála Likert (ceithre scála) anseo chun tuairimí a mhealladh ó fhaisnéiseoirí i leith aontaithe agus easaontaithe maidir le ráitis áirithe. Tá an cur chuige seo agus an cineál trialach seo fadbhunaithe agus trialta go hidirnáisiúnta maidir le meon agus dearcadh a thomhas ó lár na n-ochtóidí ar aghaidh.

Bhí léiriú an-soiléir anseo ar an iomlán ar mheon a bhí thar a bheith dearfach i leith na teanga agus cosantach fúithi. D'aontaigh 64.59% (ag cur faisnéiseoirí a d'aontaigh go láidir nó a d'aontaigh le chéile) d'fhaisnéiseoirí gurbh fhearr leo an Ghaelainn ná teanga ar bith eile. D'aontaigh 96.95% leis an ráiteas a chuir in iúl go raibh sé tábhachtach go mairfidh an Ghaelainn sa Ghaeltacht. D'aontaigh 79.63% (idir aontú go láidir agus aontú) go raibh sé tábhachtach go mairfidh an LPT mar Ghaeltacht. Níor bhraith 65.79% go raibh brú ar bith orthu Gaelainn a labhairt, cé gur aontaigh 39.25% go mbíonn brú orthu maidir le Béarla.

Dhearbhaigh 68.25% d'fhaisnéiseoirí go raibh muinín acu as a gcuid Gaelainne, céatadán ard nach bhfuil ag teacht leis an líon ard a chuir in iúl nach mbeadh misneach acu maidir lena gcumas Gaelainne féin chun labhairt as Gaelainn le duine a mbeadh aithne acu air mar dhuine le Gaelainn (Ceist 8). Ba mhaith le 49.41% acu go labhródh gach duine Gaelainn leo i gcónaí, cé gur easaontaigh a thrian (33.3%) d'fhaisnéiseoirí leis an ráiteas sin. D'aontaigh 92.27% leis an ráiteas gur mhaith leo go mbeadh pobal láidir Gaelainne i gCorca Duibhne amach anseo. **Ní mór an dea-thoil amháin, cé gur an-mhaith ann í. Ní mór, mar sin féin, go dtógfá na chéad chéimeanna eile chun an mhian seo a bhaint amach. Seo ceann de na dúshlán is mó sa phleanáil teanga i gcás mionteangacha uile timpeall na cruinne .i. conas is féidir an dea-thoil agus an meon dearfach a bhfuil léiriú an-soiléir orthu anseo a aistriú go húsáid ghníomhach.**

5.3.3.6. Tacaíochtaí

Leis an gceist dheiridh sa suirbhé iarradh ar rannpháirtithe eolas a sholáthar i dtaobh na dtacaíochtaí a bhí uathu. Tugadh liosta fada tacaíochtaí dóibh agus tá sé i gceist sampla ionadaíoch de na rudaí a luaigh siad a thabhairt. Bhí cuid de na freagraí as Béarla agus as Gaelainn agus is léir ar na freagraí go bhfuil i bhfad níos mó eolais ag daoine a d'fhreagair as Gaelainn faoi na tacaíochtaí reatha a bhí ann ná ag na daoine a d'fhreagair as Béarla. Ar an

iomlán bhí i bhfad níos mó éilimh ar thacaíochtaí ag daoine a d'fhreagair as Béarla.

Tugtar anseo cuid de na ráitis seo i bhfocail na bhfaisnéiseoirí féin agus ní athraítear friotal na ndrachaí uathu.

Bhí comhaontú ann faoin dtacaíocht láidir a bhí á tabhairt ag Oidhreacht Chorca Dhuibhne dóibh:

“Comharchumann forbartha chorca dhuibhne tacaíocht teaghlaig teasppainteas ealaíona na casca oidhreacht chorca dhuibhne”

“na cinn atá luaite thuas ag Oidhreacht Chorca Dhuibhne na cinn ata ar eolas agam”

“Na tacaíochtaí is mó a bhainimidne úsáid astu ná a bheith páirteach sna himeachtaí a bhíonn á reachtáil ag Oidhreacht Chorca Dhuibhne - scéalaíocht, scléip an tSathairn &rl”

Thug roinnt mhaith de na faisnéiseoirí a d'fhreagair as Gaelainn liosta fada de na tacaíochtaí go léir atá ar fáil dóibh. Seo sampla díobh:

“RnaG, Nuacht agus roinnt cláracha ar TG4, Café Liteartha, Aisteoirí Bhréanainn, An Ionad Nua Gaelainne agus Gaeltachta i mBaile an Fheirtéaraigh. Bunscoileanna an cheantair agus Pobalscoil Chorca Dhuibhne go bhfuil an-iarracht á dhéanamh ann. Naíonraí, Ionad Tacaíochta Teaghlaigh an Bhuailtín, Tús Maith &rl”

Luaigh faisnéiseoir amháin go bhfuil a ndóthain tacaíochta acu cheana ach go bhfuil gá le síorlabhairt na Gaelainne a chur abhaile ar thuismitheoirí áirithe:

“Tá a dhóthain tacaíocht ach daoine óga a mhúscailt len' í a labhairt go nádúrtha lena chéile - a bheith deimhneach de go labhrann thuismitheoirí leis na leanáí.”

Luadh an t-éileamh ar thacaíochtaí a bhain le gnó agus seirbhísí níos mó ná uair amháin:

“Seirbhísí difriúla, msh an doctúir, siopa poitigéara ranganna Gaeilge”

Os a choinne sin, luadh minic go leor nach raibh a fhios acu faoi thacaíochtaí ar bith:

“N'fheadar go direach cé'n tacaíocht atá ar fáil sa gceantar fé láthair”

“Faic ann domsa”

Luadh:

“Níl ach tacaíochtaí do dhuine áirithe”

Luadh chomh maith:

“Go leor ach is do dhaoine atá gan gaeilge atáid ann”

Mar a luadh thuas, bhí i bhfad níos mó éilimh ar thacaíochtaí ag faisnéiseoirí a d'fhreagair as Béarla. Luaigh duine amháin, mar shampla:

“Affordable classes at my level – intermediate. Other activities through Irish which keep it in mind that not everyone is fluent”

Bhí comhairle maidir le tacaíocht ranga á soláthar ag faisnéiseoir eile:

“More classes for adults with no Irish. Most people have a grounding if they went to school here so classes start out presuming that you know a certain amount. Situations where you HAVE to speak Irish only so you can use what you do have and practice what you learn. I lived abroad for 10 years and was fluent within 12 months but after 30 years here I still have no more Irish than when I arrived because it isn't used and isn't necessary”.

Is léir go dtuigeann an faisnéiseoir seo go gcaithfear gá cinnte soiléir a chruthú sa phobal d'úsáid na teanga - ócáidí agus suíomhanna do Ghaelainn amháin.

Bhí éileamh an-mhínic i measc na bhfreagróirí Béarla ar thacaíocht ranganna toisc gur bhraith na faisnéiseoirí seo b'fhéidir nach raibh a gcuid Gaelainne maith go leor nó nach rabhadar compordach á húsáid nó nach raibh sé leordhóthanach chun an ceistneoir a fhreagairt as Gaelainn.

Bhí an easpa misnigh seo ag cur isteach ar fhaisnéiseoirí seo agus bhí éileamh acu ar...:

“...Pro-active ways of helping people if you are of high-fluency. If people really want Irish to grow, having a superior attitude doesn't help. I've spoken to many people outside of the Gaeltacht about how they would love to speak it more, but the inherent sense of shame about their ability after having people correct them or look down on them has turned them off further endeavours. I feel this why we don't have people speaking day-to-day because sometimes I'm afraid of being associated with that kind of attitude towards Irish which is solidified by its place within the education system”

Luaigh duine éigin eile:

“None judgemental support for mediocre Irish speakers”

Bhí éileamh ar bhreis deiseanna úsáide sa phobal:

“More effort in local shops to have someone that will speak to you in Irish serving you”.

Luadh tacaíocht chomh maith maidir le fostaíocht a chur ar fáil agus daoine óga a mhealladh le fanúint sa bhaile:

“The most important thing, I think, is that there is work for young people from the area to return to after their time in college/university. They have the language, whether raised with it or not, from having attended school here, but the jobs are few and far between for those with the majority of qualifications, unless perhaps teaching. Supporting employment opportunities for young people will support the language. More young people equal more children to attend the schools where the language is taught”

Bhí duine amháin den dtuairim go raibh a ndóthain tacaíochtaí ar fáil agus nach raibh ag teastáil ach spreagadh pearsanta chun tabhairt faoin dteanga a labhairt:

“Everything i need is here only to use it. The language is around me, it is relevant, there are plenty of opportunities to engage with it, there are classes, plenty of literature, rna, folklore. What more do i need only to do it”.

Mar sin, bhí idir eolas maith ag faisnéiseoirí i dtaobh na seirbhísí atá ar fáil dóibh cheana féin agus aineolas áirithe orthu ag an am céanna chomh maith. Bhí éileamh ar thacaíochtaí ranga agus ar dheiseanna úsáide den gcuid is mó ag faisnéiseoirí a líon an suirbhé as Béarla agus

theastaigh tacaíocht uathu chomh maith maidir le misneach agus spreagadh a thabhairt dóibh níos mó Gaelainne a úsáid. Tá go bhfuil na bearta a gcuirtear síos orthu sa chéad mhír eile ag díriú ar chuid de na héilimh seo agus ag tacú leis na háiseanna agus tacaíochtaí atá ann cheana féin sa LPT.

5.4. An taighde cáilíochtúil

Toisc gurb é dlúthú na teanga sa phobal a labhrann í is móraidhm don bplean teanga sa LPT seo, socraíodh go gcuirfí agallaimh leathstruchtúrtha ar bhaill ionadaíocha an phobail seo chun tuiscint a fháil ar phróisis seo an dlúthú teanga agus ar na cúiseanna atá leis agus ar na bearnaí atá le líonadh i gcaitheamh phróiseas na pleanála. Chuige sin, díródh ar na grúpaí seo ach go háirithe:

- 1) Teaghlaigh ina gcónaí sa LPT a bhfuil leanbh/ leanaí á dtógaint le Gaelainn iontu
- 2) Déagóirí (15 go 16 bliana d'aois) atá á dtógáil le Gaelainn agus atá ag freastal ar mheánscoil a fheidhmíonn trí mheán na Gaelainne.
- 3) Déagóirí (15 go 16 bliana d'aois) atá á dtógáil le Béarla sa Ghaeltacht agus atá ag freastal ar mheánscoil a fheidhmíonn trí mheán na Gaelainne.
- 4) Teaghlaigh ina gcónaí sa LPT ina bhfuil leanbh/leanaí á dtógaint le Béarla
- 5) Daoine ó thíortha eile a bhog chun an LPT

5.4.1. Teaghlaigh ina gcónaí sa LPT ina bhfuil leanbh/ leanaí á dtógaint le Gaelainn iontu

Cuireadh liosta le chéile de theaghlaigh atá ina gcónaí sa LPT a bhfuil leanbh/ leanaí á dtógaint le Gaelainn acu. Bhí an liosta bunaithe ar bhunachar sonraí á úsáideann an cheanneagraíocht agus iad ag eagrú imeachtaí do leanaí agus do thuismitheoirí an LPT. Dáileadh foirm ghearr ar thuismitheoirí le linn ócáide sa cheanneagraíocht i mí na Samhna 2016 chun a gcuid toilteantais páirt a ghlacadh in agallamh leathstruchtúrtha a thomhas. Léirigh fiche teaghlach a gcuid toilteanais bheith páirteach. Socraíodh ar agallamh leathstruchtúrtha a chur ar cheithre cinn ionadaíocha de na teaghlaigh seo le linn mhí Eanáir 2017.

Tá aicmí áirithe teaghlach i gceist anseo ó thaobh patrúin úsáide de:

1. Tuismitheoir(i) gur ón nGaeltacht dó/di/dóibh a thógann an leanbh / na leanaí le Gaelainn amháin an t-am ar fad
2. Tuismitheoir(i) gur ón nGaeltacht dó/di/dóibh a labhrann Béarla lena chéile nach labhrann ach Gaelainn lena gcuid leanaí / lena leanbh an t-am ar fad
3. Tuismitheoir(i) gur ón nGaeltacht dó/di/dóibh a labhrann Gaelainn agus Béarla lena leanbh/ gcuid leanaí
4. Tuismitheoir(i) gur ón nGaeltacht dó/di/dóibh atá pósta le tuismitheoir nach ón nGaeltacht dó /di a labhrann Gaelainn agus Béarla lena leanbh/ gcuid leanaí
5. Tuismitheoir (i) gur ón nGaeltacht dó/di/dóibh a labhrann Béarla lena leanbh/ gcuid leanaí sa bhaile.

6. Tuismitheoir (i) nach ón nGaeltacht dó/di/dóibh ó dhúchas a phós tuismitheoir eile ón nGaeltacht agus a thógann a gcuid leanaí/leanbh le Gaelainn
7. Tuismitheoir(i) nach ón nGaeltacht dó/di/dóibh a bhog chun na Gaeltachta agus atá ag tógaint a gcuid leanaí le Gaelainn

Deineadh teagmháil le ceithre aicme teaghlaigh a bhí sásta páirt a ghlacadh in agallamh leathstruchtúrtha i mí Eanáir 2017.

Shínigh na rannpháirtithe foirm eitice roimh ré a dhearbhaigh an toiliú feasach .i. gur do chríche taighde amháin an t-agallamh agus go rabhadar sásta páirt a ghlacadh ann ar choinníoll nach n-ainmneofaí iad ná a muintir ná aon duine ná aon áit a luafaí le linn an agallaimh sa tuarascáil ar an dtaighde. Stóráiltear na sonraí seo in áit shábháilte faoi láthair agus níl teacht ach ag an taighdeoir orthu agus scríosfar iad ag deireadh bliana. **Féachtar chuige sa chuid seo den mhír ar an dtaighde cáilíochtúil nach dtugtar aon fhíric nó aon eolas bunaithe ar na hagallaimh a chuirfidh an ráthaíocht seo a tugadh do na rannpháirtithe ó mhaith.**

Reáchtáladh na hagallaimh seo i dtithe cónaithe, i láthair oibre na rannpháirtithe féin, sa mheánscoil i gcás na scoláirí agus in oifig na ceanneagraíochta. Mhair gach agallamh idir 20 - 30 nóiméad agus deineadh clos-taifead orthu.

Tugadh liosta leideanna nó de phríomhphointí plé do na rannpháirtithe a stiúraigh an t-agallamh agus a thug scóip do na rannpháirtithe a gcuid scéalta a insint agus a gcuid taithí a roinnt.

Díríodh ar na mórcheisteanna seo le linn an agallaimh:

1. Rogha an tuismitheora/na dtuismitheoirí a leanbh/a gcuid leanaí a thógaint le Gaelainn, cúiseanna agus cúinsí iomadúla na rogha sin
2. Taithí na rannpháirtithe ar thógáil na leanaí le Gaelainn sa teaghlach agus sa phobal -- na buanna agus na bagairtí a bhain leis an dtaithí sin.
3. Tacaíochtaí atá ar fáil dóibh agus dúshláin reatha atá rompu

Seo a leanas achoimre ar na príomhphointí a tháinig chun solais le linn na n-agallamh seo leagtha amach de réir na bpríomhthéamaí ar deineadh anailís orthu:

Príomhphointe 1: Socrú tuismitheoirí leanaí a thógaint trí Ghaelainn

Ba shocrú é seo a bhí réamhphleanáilte agus a raibh machnamh déanta air.

Dúirt rannpháirtí amháin ina leith seo cuir i gcás:

“Bhíomar an-siúráilte de. Dúirt go daingean go ndéanfaimis é, gan díospóireacht ar bith.”

Dúirt rannpháirtí eile:

“Ní fhéadfainn é a dhéanamh in aon tslí eile...Ní bheadh sé nádúrtha Béarla a labhairt....”

Ní raibh imní ar bith ann maidir leis an socrú. I gcás faisnéiseora amháin, bhí imní nach

mbeadh an cumas teanga leordhóthanach ag an bhfaisnéiseoir chuige. Sa chás sin, áfach bhí duine “de mhuintir na háite” ina thuismitheoir eile agus bhí thuismitheoirí críonna in aice láimhe agus mhaolaigh sé sin aon imní a bhí i gceist.

Tuigeadh chomh maith nach aon mhíbhuntáiste a bheadh ann go deo don leanbh/ do na leanaí a bheith tógtha trí Ghaelainn. Bhí misneach agus tiomantas i gceist taobh thiar den rogha:

“Bhí a fhios agam mar chainteoir dúchais nach leagfaí chomh fuirist mé is a leagtar daoine eile b’fhéidir. Uaireanta chím daoine báite agus casann siad ar Bhéarla”

Ba shocrú é a bhí tomhaiste agus réamhdhearbhaithe. I gcás thuismitheora amháin luadh nach raibh cúlra na Gaelainne ag na thuismitheoirí ar aon taobh ach fós gur deineadh an cinneadh toisc go raibh cónaí ar an lánúin phósta sa Ghaeltacht. Ba chabhair é chomh maith maidir leis an gcinneadh a dhéanamh go raibh seirbhísí oideachais trí Ghaelainn ar fáil sa cheantar.

I gcás na dtuismitheoirí ar fad, tuigeadh dóibh agus iad ag déanamh an chinnidh **go raibh rud an-tábhachtach agus buntáiste mór á mbronnadh acu ar a gcuid leanaí iad a thógáil trí Ghaelainn**, faoi mar a luaigh thuismitheoir amháin:

“Tuigeadh dúinn go rabhamar ag tabhairt rud éigin an-luachmhar ar fad dóibh (:) agus go mbeadh an Ghaeilge go nádúrtha acu”

Dúirt thuismitheoir eile an rud céanna:

“Bhí a fhios agam riamh (:::) mar is cainteoir dúchais mé féin nach mbeadh ach buntáistí riamh ann don leanbh”

Arís, bhain an cinneadh leis an leanúnachas oidhreachta agus teanga atá sa Ghaeltacht. Luadh go raibh ceangal á dhéanamh tríd an teanga leis na glúine ar fad a raibh cónaí orthu sa dúthaigh agus a labhair an teanga ar feadh a saoil. Goilleann sé ar thuismitheoirí nach bhfuil an luach agus an buntáiste sin á mbronnadh ar gach leanbh sa Ghaeltacht mar go bhfuil leanaí áirithe sna comharsanachtaí a bhfuil thuismitheoir(i) le Gaelainn acu ach nach labhrann ach Béarla ar fad le leanaí sa teaghlach. Ní chionn na thuismitheoirí seo na tairbhí a bhaineann le leanaí a thógáil le Gaelainn. Baineann sé seo le cúrsaí meoin agus ba phróiseas casta é an meon sin a athrú. Ní mór é a athrú, mar sin féin. Baineann oideachas leis an scéal. Má bhíonn oideachas áirithe ar thuismitheoirí, tuigfidh siad an scéal, muna mbíonn, ní thuigfidh.

Cé go bhfuil na thuismitheoirí ar fad breá sásta leis an gcinneadh a dheineadar a gcuid leanaí a thógaint le Gaelainn, ní hionann sin is a rá nach mbaineann dúshláin leis.

Príomhphointe 2: Dúshláin a bhaineann le tógáil leanaí trí Ghaelainn

Tháinig caint ar dhúshláin aníos nuair a ceistíodh na faisnéiseoirí faoina gcuid taithí ar thógáil a gcuid leanaí le Gaelainn. Cé go bhfuil na leanaí seo á dtógáil trí Ghaelainn sa bhaile, níl a gcuid Gaelainne chomh saibhir agus a bhí an Ghaelainn uair amháin. I bhfocail thuismitheora amháin:

“ Ní chímse go mbeidh (:) [Gaeilge a linbh] chomh saibhir le mo chuid Gaeilge féin. Is mór an trua é (:::) Sin é an dúshlán is mó -- an saghas Gaeilge atá ag na leanaí anois, níl an saibhreas ceart ann”

Chuir sé isteach ar thuismitheoir eile nach bhfuil foghraíocht níos cruinne ag leanaí - a leanaí féin go háirithe. Ní thuigeann an thuismitheoir seo cá bpiocann leanaí suas an fhoghraíocht mhíchruinn, mar nach gcloistear ach foghraíocht chruinn an t-am ar fad ag baile. Téann sé dian ar thuismitheoirí bheith ag síorcheartú theanga a gcuid leanaí. Chreid thuismitheoir amháin go bhfuil sé deacair an saibhreas sin a thabhairt ar ais nuair atá sé imithe cuid mhaith sa bheochaint.

Ní móide go gcabhraíonn na leabhair scoile ach oiread leis an saibhreas. Bíonn meascán rómhór iontu idir na canúintí. Tá gá, mar sin, le tuilleadh béime a chur ar an saibhreas agus ar chanúint Chorca Dhuibhne sna leabhair scoile agus sna hacmhainní foghlama a mbíonn na leanaí ag gabháil dóibh ar scoil.

Cé go bhfuil ócáidí sóisialta ann go rialta do leanaí óga faoi bhun a hocht, ní bhíonn an oiread sin ar siúl dóibh, nach comórtais iad, agus iad ag druidim le naoi nó le deich mbliana d’aois. Ní mór breis imeachtaí a réachtáil do leanaí san aoisghrúpa sin, cé go bhfuil “cúrsaí anois ag dul sa treo sin.”

Príomhphointe 3: Leanaí agus Béarla

Aithníonn na leanaí seo agus iad an-óg go labhrann leanaí eile Béarla. Tá ar a gcumas agus iad an-óg leanbh amháin a shamhlú le Béarla agus leanbh eile a shamhlú le Gaelainn gan aon dua. Aithníonn siad go mbíonn Béarla á labhairt ag leanaí áirithe agus iad an-óg agus bíonn siad míchompordach leis. Insíodh scéal faoi leanbh óg atá ag freastal ar naíonra ag rá nach mbeadh cead ag leanbh eile sa naíonra teacht go dtí an tigh mar nach raibh aon Ghaelainn aige/aici. Fásann a gcuid compoird le Béarla de réir mar a éiríonn siad níos sine.

Tá sé an-deacair iad a choimeád ón mBéarla. Luaigh thuismitheoir amháin, mar shampla faoina leanbh san aoisghrúpa sin agus an leanbh sin i gcomhlúadar leanaí den aoisghrúpa céanna: “Iompaíonn siad ar Bhéarla nuair a bhíonn siad le chéile”. Má cheartaítear iad, filléann siad ar an nGaelainn ar feadh tamaill ach casfaidh siad ar Bhéarla arís mar “...ní féidir leis na leanaí eile an comhrá a choimeád suas”.

Tuigeann na thuismitheoirí go léir an dúshlán atá rompu nuair a bheidh na leanaí seo ina ndéagóirí agus ag freastal ar an meánscoil. Bhí thuismitheoir amháin dearfach ina leith seo. Tá níos mó measa ar Ghaelainn i measc an phobail i gcoitinne anois ná mar a bhí agus tá níos mó aitheantais á thabhairt don teanga. Cloistear an dteanga i bhfad níos minicí i siopaí an Daingin anois ná mar a chloistí agus tá níos mó Gaelainne á labhairt ná mar a bhí. Is sa Daingean a bhíonn cuid mhaith de scléipeanna agus de chaithimh aimsire do dhéagóirí mar sin bhí ceistanna faoin rogha teanga a bheadh acu ann.

Príomhphointe 4: Tacaíochtaí

Tá fuilleach áiseanna agus tacaíochtaí curtha ar fáil ag an Oidhreacht do thuismitheoirí. Bhí ionadh ar thuismitheoir amháin agus í ag súil le méad na tacaíochta agus an pacáiste acmhainní ar fad a cuireadh ar fáil di.

Príomhphointe 5: Gá le feasacht teanga i measc tuismitheoirí

An dúshlán is mó atá ann ná conas dul i bhfeidhm ar thuismitheoirí áirithe atá líofa sa Ghaeilinn an teanga a labhairt lena gcuid leanaí sa bhaile. De réir tuismitheora amháin, bíonn cuid de na tuismitheoirí seo suite de “go bpiocfaidh siad suas an Ghaeilge ar scoil”; mar sin, labhrann siad Béarla ag baile. Ní easpa measa ar an dteanga is cúis leis. Is ceist eolais agus tuisceana é.

Beidh géarghá le feachtas feasachta chun dul i bhfeidhm ar na tuismitheoirí d’fhonn a meon agus an t-iompar teanga seo a athrú i dtreo úsáid na Gaelainne sa teaghlach.

5.4.2. Teaghlaigh ina gcónaí sa LPT ina bhfuil leanbh/leanaí á dtógaint le Béarla

Cuireadh agallamh ar thuismitheoirí a bhfuil cónaí orthu sa Ghaeltacht ach nach bhfuil an Ghaeilinn lán-líofa acu dá réir féin agus atá ag tógáil a gcuid leanaí le Béarla. Féachadh le heolas a bhailiú uathu faoin rogha teanga a dheineadar agus faoin dtaithí agus faoin ndearcadh a bhí acu i leith bheith ina gcónaí sa Ghaeltacht. Tá daoine a bhfuil an cúlra teangeolaíochta sin acu sa Ghaeltacht - Éireannaigh a d’fhoghlaim Gaelainn ar scoil agus tá rannpháirtithe an taighde seo ionadaíoch go maith orthusan. Cuireadh agallamh ar bheirt tuismitheoirí a bhog isteach sa LPT mar sin, agus duine acu pósta le cainteoir dúchais. Ba as Béarla a deineadh na hagallaimh seo.

Bhí Gaelainn na hArdteiste ag na tuismitheoirí ach fuairadar amach ar shocrú síos sa Ghaeltacht dóibh nach ionann í Gaelainn na scoile agus Gaelainn na Gaeltachta. Ar scoil, bhíodar in ann í a thuiscint ach sa Ghaeltacht, labhair gach éinne chomh tapaidh san agus bhí an chaint á crapadh go minic acu, rud a d’fhág go raibh sé dothuigthe don duine fiú le honóracha sa Ghaeilinn i dtreo is nár fhéadadar í a thuiscint. Tá siad ag streachailt mar sin Gaelainn na Gaeltachta a phiocadh suas in ainneoin gur fhreastalaíodar ar ranganna.

Ní bheadh a gcuid Gaelainne maith a dhóthain chun comhrá a thosú agus a choimeád suas le cainteoir dúchais. Ní bhacann cainteoirí dúchais áirithe leo agus is i mBéarla amháin a bhíonn aon chumarsáid acu leo i gcónaí. Tá mar a bheadh deighilt teanga iomlán idir iad agus cainteoirí dúchais agus ní fheictear dóibh go ndeineann siad mórán iarrachta iad a chomhtháthú sa phobal teanga.

Ní raibh baint mhór acu le Gaelainn ina saol go dtí gur chuir siad a gcuid leanaí ar bhunscoil Ghaeltachta. Bhí deacrachtaí móra acu ansan le nótaí, teachtaireachtaí agus téacsanna a bhí ag teacht ón mbunscoil a léamh agus a thuiscint agus cruinnithe a bheith acu le múinteoirí. Bhí práinn go minic ag baint le tuiscint a bhaint as na téacsanna ón scoil agus chuir sé sin as go mór do dhuine acu. Léirigh an t-agallamh leis an dtuismitheoir san go mbíonn baint láithreach ag na tuismitheoirí leis an dteanga, pé acu an dtaitníonn sé nó nach dtaitníonn sé sin leo.

Is ansan a bhraith siad an teanga uathu agus bhí a n-easpa Gaelainne ina míbhuntáiste mór acu den gcéad uair ina saol ag an bpointe sin, dar leo. Cé go bhfuair duine acu cabhair mhór agus tacaíocht láidir ó na cuairteoirí baile agus ó OCD, fós féin, níor bhraitheadar go maith mar gheall ar a n-easpa tuisceana agus a n-easpa inniúlachtaí labhartha.

Léiríonn scéalta na ndaoine seo nádúr agus dúshlán an ceangal teanga a bhíonn ag tuismitheoir leis an scoil Gaeltachta. Is féidir le tuismitheoir cónaí sa Ghaeltacht gan máistreacht a fháil ar an dteanga, gan fiú baint dá laghad a bheith acu leis an dteanga ach chomh luath is a chuireann siad a leanbh/leanaí ar scoil, bíonn baint acu láithreach leis an dteanga. Ní raibh aon tuiscint ag tuismitheoir amháin ar a leithéid agus ní raibh mórán réamh-mhachnaimh déanta ag an tuismitheoir san ar an scéal go dtí go raibh an leanbh tosaithe sa scoil.

Tá sé suimiúil go ndúirt duine acu: “ I want to be part of the language community and not separated from it.” **Ní mór, mar sin, plé cuimsitheach a chur sa tsiúl faoi na straitéisí a tharraingeoidh an pobal teanga chuige féin chun daoine ón “taobh amuigh” a thabhairt isteach sa phobal teanga, dá mb’áil leo é.** Is ceist an-chasta í mar tá céimeanna le tógaint ag an bpobal teanga agus ag an duine ar mhaith leis fáil isteach ann. Tá gá mar sin le feachtas teanga ina leith seo.

Tá daoine tar éis bogadh isteach sa LPT ó thíortha eile a thugann faoi Ghaeilinn a fhoghlaim. Is cuid den bpobal teanga iad. Féachadh le heolas a bhailiú ó dhuine amháin faoin dtaithí agus faoin ndearcadh a bhí ag an duine sin i leith bheith lonnaithe sa Ghaeltacht. Táthar ag tabhairt A ar an bhfaisnéiseoir seo chun rúndacht sonraí an agallaimh a dheimhniú. Bhí an dara teanga sealbhaithe cheana ag A agus bhí mar a bheadh buntáiste i gceist mar go raibh na straitéisí foghlama aige/aici. Bhí A ag éisteacht go géar agus shealbhaigh sé/sí an blas. Toisc go raibh teanga eile sealbhaithe cheana féin, seans gur chuir sé sin le fonn A tabhairt faoin nGaelainn. Tá tábhacht láidir ag roinnt le fuaimeanna na teanga don bhfoghlaiméoir atá tiomanta d’fhoghlaim éifeachtach na teanga agus a bhfuil spreagadh acu an teanga a úsáid sa phobal teanga. Arís ba mhaith le A a bheith comhtháite leis an bpobal teanga. Chabhraigh ranganna ach níor leor iad. Ní mór aghaidh a thabhairt sa phlean teanga ar bhearta a chabhródh le daoine “ón taobh amuigh” a mhealladh isteach sa phobal teanga agus chun daoine a chomhtháthú leis an bpobal teanga. Is ceist an-chasta í mar tá céimeanna le tógaint ag an bpobal teanga agus ag an duine ar mhaith leis fáil isteach ann.

5.5. Na mórtháil agus impleachtaí don bpleanáil teanga

Dhírigh an taighde seo ar fhianaise i leith úsáid na teanga sa teaghlach, a húsáid i measc déagóirí agus dearchaí agus meon daoine ina leith. Tá tátail agus impleachtaí tábhachtacha a d’fhéadfaí a bhaint as an taighde seo don bpleanáil teanga sa LPT. Tugtar liosta anseo de na mórtháil atá foilsithe ag torthaí an taighde seo agus deintear plé achomair ar na himpleachtaí don bpleanáil teanga.

1. Is í an chéad chloch atá ar phaidrín an phlean teanga seo ar ndóigh ná an Ghaeilinn a neartú agus a húsáid a dhaingniú i réimse an teaghlaigh féin. Maidir le teaghlaigh atá ag tógáil a gcuid leanaí le Gaelainn, tá gá le gréasán úsáide agus saibhrithe teanga a chothú agus bearta sa phlean teanga a chabhróidh leo an teanga a neartú. Tá gá, mar sin le gréasán láidir tacaíochta ag an leibhéal institiúideach (m.sh. go dtacódh an naíonra, an bhunscoil agus an mheánscoil) chuige seo.
2. Tá gá le beart teanga a chabhróidh le feachtas a mhúscailt i measc tuismitheoirí a bhfuil Gaelainn líofa acu chun a chur in luí orthu a thábhachtaí is atá sé an Ghaeilinn a labhairt lena gcuid leanaí agus an teanga a sheachadadh sa teaghlach. Seo an dúshlán is mó a

léirigh an taighde seo. Beidh géarghá le feachtas feasachta chun dul i bhfeidhm ar thuismitheoirí d'fhonn a meon agus a n-iompar teanga a athrú i dtreo úsáid na Gaelainne sa teaghlach.

3. Beidh gá le pleanáil chun cabhrú le thuismitheoirí a gcuid leanaí a choimeád ó Bhéarla a oiread agus is féidir. Chuige sin, beidh gá le beart a chabhróidh le himeachtaí a reáchtáil do leanaí os cionn 10 mbliana agus do dhéagóirí. Faoi láthair, is léir ón dtaighde leis na déagóirí nach bhfuil aon infreastruchtúr le haghaidh sóisialaithe as Gaelainn acu a chabhróidh leo an teanga a úsáid go nádúrtha lena chéile lasmuigh den scoil. Tá úsáid na teanga lasmuigh den scoil ina dúshlán mór sa phleanáil teanga.
4. Is léir ó thorthaí an taighde go dtuigeann na thuismitheoirí an dúshlán atá ann do dhéagóirí ó theaghlaigh Ghaelainne casadh ar Bhéarla mar go n-éireoidís “míchompordach” ag úsáid Gaelainne lena chéile. D'fhéadfaí brí a bhaint as an míchompord seo nach mbeadh dóthain teanga ag déagóirí chun comhrá a choimeád sa tsiúl. Beidh gá le pleanáil ar leithligh chun dul i ngleic leis an ndúshlán seo agus úsáid na Gaelainne a normalú ina measc. Chuige seo, beidh gá le timpeallacht Ghaelainne a chothú. Chabhróidh sé le daoine óga an teanga a úsáid, dar leo, dá mbeadh sí níos sofheicthe sa cheantar.
5. Is léir go bhfuil meon an-dearfach ag déagóirí agus ag an bpobal i gcoitinne i leith na teanga. Ní theastaíonn ó éinne go gcaillfeadh an LPT a stádas Gaeltachta. Tá na daoine óga tiomanta don teanga agus iad meáite ar í a úsáid ina saol féin. Tuigeann na déagóirí chomh maith go bhfuil an Ghaeltacht faoi bhagairt agus go mbeidh gá le cath tréan chun í a shábháil. Tá gá le síorphleanáil mar sin, a aistreoidh an dea-thoil seo i leith na teanga go húsáid ghníomhach. Tá an chuma ar an scéal go bhfuil an córas faoi láthair ag teip ar an nglúin óg seo. Tá fianaise ann mar shampla gurb é an Béarla is mó a bhíonn in uachtar fiú ina gcuid ranganna. Ní chumasaítear daltaí le Gaelainn scileanna ardoird smaointeoireachta a dhéanamh trí mheán an Bhéarla. Ní mór polasaí ina leith seo a bheith á fheidhmiú i measc múinteoirí meánscoile ach go háirithe.
6. Dúshlán eile a léirigh an taighde seo (mar a léirigh staidéir Ghaeltachta eile thar na blianta) ná an nós agus an t-iompar teanga fadbhunaithe atá ag cainteoirí líofa agus ag cainteoirí dúchais Gaelainne Béarla a labhairt le cainteoirí dúchais/líofa eile. Tá fianaise láidir ann go n-úsáideann cainteoirí líofa Gaelainne Béarla le cainteoirí líofa Gaelainne eile. Mar a luadh thuas, is nós agus cleachtas agus iompar teanga fadbhunaithe é seo agus beidh sé deacair dul i ngleic leis. Éilíonn sé feachtas feasachta, ar an gcéad dul síos, le dul i bhfeidhm ar na cainteoirí chun an nósmaireacht seo a bhriseadh agus a athrú i dtreo na Gaelainne. Caithfear dul níos faide ná leibhéal na feasachta áfach. Ní mór gá a chruthú sa phobal agus córas aitheantais a chruthú do chainteoirí Gaelainne chun iad a chumasú agus timpeallacht úsáide agus saibhríthe a chruthú dóibh. Ní gan dua agus gan síorphleanáil chúramach a bhainfear a leithéid amach.
7. Chuir 69.25% d'fhaisnéiseoirí sa suirbhé in iúl nach n-úsáideann siad Gaelainn riamh nó ach go hannamh ag plé le seirbhísí sláinte agus 71.91% a úsáideann Gaelainn agus iad ag plé le seirbhísí stáit. Bíonn ráta íseal úsáide i gceist nuair a bhítear ag le plé le cúrsaí gnó agus ag sóisialú. Ní mór bearta teanga a cheapadh, mar sin, a mbeadh sé de thoradh orthu breis deiseanna úsáide teanga a chur ar fáil i seirbhísí pobail agus i seirbhísí stáit

chun an tacaíocht agus an t-infreastruchtúr institiúideach a chur ar fáil.

8. Tá gá chomh maith le feacht ar leithligh a mhúscailt i measc daoine nach bhfuil dóthain misnigh acu an teanga a labhairt le daoine eile. Tá gá le gréasáin a chothú agus a láidriú chun go bhféadfadh foghlaimoirí meascadh le cainteoirí líofa ag ócáidí sóisialta. Is dúshlán an-chasta é seo don bpleanáil teanga a bhfuil cúinsí pearsantachta, timpeallachta agus síceolaíochta laistiar de chomh maith le hinniúlachtaí teanga féin.
9. Ní mór pleanáil a chur sa tsiúl faoi na straitéisí a tharraingeoidh an pobal teanga chuige féin chun daoine ón “taobh amuigh”, dá mb’áil leo é, a thabhairt isteach sa phobal teanga. Is ceist an-chasta í mar tá céimeanna le tógaint ag an bpobal teanga agus ag an duine ar mhaith leis fáil isteach ann. Mar sin, ní mór don bpobal (na cumhachtaí pobail, institiúidí, eagraíochtaí, coistí) feidhmiú i slí dhifriúil chun córas pobail nua a bhunú a thugann aitheantas do na cainteoirí dúchais/líofa Gaelainne. Má chionn daoine eile nach cainteoirí dúchais/líofa iad go bhfuil buntáiste cinnte ann dóibh iad a bheith ina gcainteoirí dúchais/ líofa, (tá grúpaí agus gréasáin ann cheana féin agus tá sé soiléir go gcaithfidh Gaelainn a bheith ag daoine chun páirt a ghlacadh iontu) spreagfaidh sé sin iad chun úsáide.

Seo iad príomhthátail an taighde phríomhúla seo agus a n-impleachtaí don bpleanáil teanga. Sa chéad mhír eile cuirtear síos ar na bearta teanga féin atá ag teastáil chun tús a chur leis an PT LPTCT.